



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010

STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS, 1815 – 1993

Scrúdú Scríofa: 400 marc

Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, seolta isteach roimh ré: 100 marc

DÉ CÉADAOIN, 16 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50

Treoracha d'iarrthóirí:

Freagair na Ranna 1, 2 agus 3 istigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 5)

Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Topaic 1, 2, 3, 4, 6.

Freagair topaic amháin as an roinn seo.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1, 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair dhá thopaic as an roinn seo.

ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

Éire: Topaic 5

An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

Comhaontú Sunningdale agus an feidhmeannas comhroinnte cumhachta, 1973-1974

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos:

1.
 - (a) Cad atá déanta ag na fir i ndoiciméad A chun nach n-aithneofaí iad?
 - (b) I ndoiciméad A, cén fáth ar chuir na fir suas baic bhóthair?
 - (c) I ndoiciméad A cad a ordáíodh do na hoibrithe in Harland and Wolff a dhéanamh?
 - (d) Faoi mar atá luaite i ndoiciméad B, cén botún a rinne an rialtas?
 - (e) Faoi mar atá luaite i ndoiciméad B, cén dearcadh a bhí ag an BBC i leith na stailce? (40)

2.
 - (a) Cé acu doiciméad, A nó B, a dhéanann iarracht cúiseanna a thabhairt gur éirigh leis an stailc? Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.
 - (b) Cé acu doiciméad, A nó B, ba luachmhaire don staraí? Cuir fáth le do fhreagra. (20)

3.
 - (a) An bhfuil doiciméad A oibiachtúil nó leataobhach? Cuir fáth le do fhreagra.
 - (b) Cén fáth a ndéanann doiciméad B cáineadh ar an BBC? (20)

4. Cad é Comhaontú Sunningdale agus cén fáth a ndeachaigh formhór na nAontachtaithe ina choinne? (20)

- Doiciméad A -

Cuimhníonn comhalta den fheidhmeannas comhroinnte cumhachta ar stailc Chomhairle Oibrithe Uladh.

Bhí fir i ngach áit agus iad ag caitheamh púicíní agus ag iompar cleitheanna (maidí tiubha gearra). Ní hamháin gur chuir siad suas baic bhóthair ar na bóithre amach as eastáit tithíochta le cosc a chur ar dhaoine ag dul ag an obair, ach bhlocáil siad príomhbhóithre chomh maith.

Tharla gníomhaíocht níos díri ag mórionaid oibre, mar Harland and Wolff. Ordaíodh dá gcuid oibrithe dul abhaile agus bagraíodh go gcuirfí a gcuid carranna trí thine dá mbeidís fós sa charchlós.

Ón tús, ba é an t-arm ab éifeachtaí a bhí ag na hoibrithe a bhí ar stailc ná an smacht a bhí acu ar an leictreachas. Níor cheap a lán a bhí ag iarraidh dul ag obair gurbh fhiú sin a dhéanamh mar go raibh an leictreachas gearrtha ag a n-áiteanna oibre.

Foinse: Austin Currie, *All Hell will Break Loose*, The O'Brien Press Ltd., 2004

- Doiciméad B -

Tugann Garret FitzGerald a thuairim faoi thitim an fheidhmeannais chomhroinnte chumhachta.

Ní féidir liom a rá ach gur faillí ollmhór dualgais ag rialtas a bhí chun riail dhíreach a chur i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann, stáisiúin chumhachta a fhágáil i lámha antoisceach agus gan dada a dhéanamh faoi. Botún mór ba ea soláthairtí cumhachta an stáit a fhágáil lasmuigh de smacht rialtais.

Bhí an BBC go mór i bhfabhar na stailce. Go deimhin, bhí siad chomh mór sin ina fabhar gur chuir Aire Poist agus Teileagraf na Poblachta glaoch gutháin ar an BBC i Londain ag fiafraí díobh cad a bhí ag tarlú. Dúradh leis 'nach ndearna an BBC monatóireacht ar chraoltaí i dTuaisceart Éireann agus nach raibh tuairim ar bith acu cad a bhí ar siúl.' Go bunúsach bhí stáisiún reibiliúnach á rith acu.

Foinse: Garret FitzGerald, *Oral History Conference on the Fall of the Executive*. (Eagraithe ag the Institute of Contemporary British History.)

ROINN 2: ÉIRE

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicí thíos.

Éire: Topaic 1

Éire agus an tAontas, 1815-1870

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht leasaithe seo cáineann an tEaspag David Moriarty ó Chiarraí iad siúd a ghlac páirt in éirí amach na bhFíníní i gCiarraí ar an 12 Feabhra, 1867. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

A Bhráithre ionúine - tá sé de dhualgas ar easpag deoise comhairle agus ceartúchán a thabhairt má treoraíodh a dhaoine chun earráide agus iad a cháineadh má tá aon choir déanta acu.

Ó thángamar le chéile anseo Dé Domhnaigh seo caite mealladh go fealltach roinnt daoine i gCiarraí chun tabhairt faoi ghníomh mire.....Is cosúil gur fhág thart ar dhosaen fear baile Chathair Saidhbhín tráthnóna Dé Céadaoin agus é ar intinn acu cogadh a chur ar Bhanríon Shasana agus Impireacht na Breataine a chur dá treoir.

Níl ann ach bliain ó mhínigh mé sa litir Charghais dheiridh uaim an chiontacht mhór a bhain le héirí amach i gcoinne údarais dhliteanaigh, mar sin ní féidir leo a mhaíomh nach raibh treoir agus rabhadh faighte acu. Chuir siad in aghaidh dlí Dé, agus dá réir sin, tharraing siad damnú orthu féin.

Foinse: Richard Aldous, *Great Irish Speeches*, Quercus Publishing Plc., 2007.

1. Dé réir an Easpag Moriarty, cén dualgas atá ar easpag?
2. Cén cuspóir a bhí ag na fir a d'fhág Cathair Saidhbhín Dé Céadaoin?
3. Cad a mhínigh an t-easpag ina litir Charghais dheiridh?
4. Na fir seo, conas a “tharraing siad damnú orthu féin”?
5. Cérbh é ceannaire ghluaiseacht na bhFíníní in Éirinn?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. William Carleton.
2. An ghluaiseacht ar son Reipéil an Aontais.
3. Éire Óg.
4. Tionchar na n-iaránróid.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuaigh Dónall Ó Conaill i mbun feachtais ar son Fhuascailt na gCaitliceach agus cén toradh a bhí air?
2. Cén cúnamh a thug grúpaí nárbh ón rialtas iad do dhaoine a bhí i ngátar le linn an Ghorta?
3. Cad a chuir Thomas Davis agus/nó Charles Kickham le gnóthaí na hÉireann?
4. Cad iad na hathruithe a chuir Sionad Dhurlais, 1850, ar an Eaglais Chaitliceach?

Éire: Topaic 2
Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht leasaithe seo fógraíonn Parnell go bhfuil glactha ag Gladstone leis an Rialtas Dúchais d'Éirinn. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Oíche fhliuch i mí Feabhra na bliana 1886 a bhí ann nuair a d'fhógair Parnell go raibh Gladstone anois ar son an rialtais dúchais d'Éirinn. Rinne sé an fógra ina sheomra suí in Óstán Morrison, Baile Átha Cliath.

Ag teacht leis an easpa inní a léiríodh sé de ghnáth maidir lena shócúlacht phearsanta, ní raibh aon tine ordaithe aige. Bhí a ghriscín caoireola ag éirí fuar agus ní raibh a phionta fíon Réine oscailte.

Go tobann dúirt sé, ar bhealach fánach agus gan aon bhéim ar a chuid cainte: "Tá Bille an Rialtais Dúchais le bheith againn."

Foinse: William O' Brien, *The Parnell of Real Life*, Fisher Unwin, 1926.

1. Cá raibh Parnell ag fanacht?
2. Cad a cuireadh ar fáil do bhéile tráthnóna Pharnell?
3. Cén fhianaise a chuirtear os ár gcomhair gur chuma le Parnell faoi shócúlacht phearsanta?
4. Cad a d'fhógair Parnell?
5. Cad a bhí i ndán do Bhille an Rialtais Dúchais, 1886?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Blianta tosaigh CLG.
2. Dubhghlas de hÍde.
3. Longchlóis Bhéal Feirste.
4. Óglaigh na hÉireann.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth a raibh na toghcháin in 1885 agus 1886 tábhachtach do Pháirtí an Rialtais Dúchais?
2. Cad a chuir Micheál Mac Daibhéid agus/nó Charles Stewart Parnell leis an ngluaiseacht ar son leasú chóras na talún?
3. Cé chomh tábhachtach agus a bhí James Larkin sa stailc agus sa fhrithdhúnadh i mBaile Átha Cliath i 1913.
4. Cén ról a d'imir Edward Carson i gcoinne an éilimh ar an Rialtas Dúchais d'Éirinn uile?

Éire: Topaic 3

Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Seo sliocht leasaithe as litir a scríobh an t-amhránaí Éireannach John Count McCormack chuig Ardeaspag Bhaile Átha Cliath, roimh Chomhdháil Chorp Chríost, 1932. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh. .

18 Meán Fómhair 1931

A Ardeaspaig Dhíl,

An bhféadfainn mo chuid seirbhíse a chur ar fáil duit, a Ghrása, ag Comhdháil Chorp Chríost, i ról searmanais nó i ról mar amhránaí, mar is fearr aithne orm.

Ar an ochtú lá den mhí seo ceiliúradh Aifreann Mór iontach anseo in Los Angeles chun comóradh a dhéanamh ar bhunú na cathrach 150 bliain ó shin. Ba mhór an phribhléid dom féin gur tugadh cuireadh dom 'Panis Angelicus' leis an sárchumadóir Caitliceach César Franck a chanadh.

Ba mhór an onóir agus an phribhléid domsa 'Panis Angelicus' a chanadh le linn an Aifrinn Mhóir a chuirfidh tús le Comhdháil Chorp Chríost.

Do sheirbhíseach rócheanuil,

John Count McCormack.

Foinse: Rory O'Dwyer, *The Eucharistic Congress, 1932*. Nonsuch Publishers, 2009.

1. Cad a thairg McCormack don Ardeaspag?
2. Cén ócáid a bhain le ceiliúradh an Aifrinn Mhóir in Los Angeles?
3. Cén t-iomann a chan McCormack ag an Aifreann Mór?
4. Cé a chum an t-iomann sin?
5. Ón staidéar atá déanta agat ar an gcás-staidéar seo, ar glacadh nó ar diúltaíodh do thairiscint McCormack? Cuir fáth le do fhreagra.

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An Cogadh Cathartha, 1922-1923.
2. An Páirtí Aontachtach i gcumhacht, 1921-1949.
3. Caidreamh Angla-Éireannach faoi de Valera, 1932-1939.
4. Oideachas in Éirinn, Thuaidh agus/nó Theas.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh tábhachtach agus a bhí Pádraig Mac Piarais i rith Éirí Amach na Cásca 1916?
2. Cad a chuir Liam T. Mac Cosgair le gnóthaí na hÉireann idir 1922 agus 1932?
3. Cén tionchar a bhí ag an Dara Cogadh Domhanda ar Bhéal Feirste?
4. Cén fáth a raibh Evie Hone tábhachtach i saol cultúrtha na hÉireann?

Éire: Topaic 4
Diaspóra na hÉireann, 1840-1966

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht leasaithe seo as alt nuachtáin is cúis aiféala an leibhéal imirce i measc na mban i 1908. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Beidh aiféala ar fhormhór na n-imirceach Éireannach, mar go mbeidh uaigneas agus cumha orthu, gur fhág siad a dtír dhúchais agus a muintir féin.

Tá níos mó ná mar a cheapann siad á thabhairt suas ag cailíní Éireannacha a mhealltar thar lear agus iad ag súil le hairgead mór a shaothrú. In ionad saol simplí an tsráidbhaile nó an dea-chaidreamh a bhíonn le fáil i dteaghlaigh Éireannacha, roghnaíonn siad agus é i bhfad uathu, an niamhracht neamhchinnte a bhaineann le bheith i measc aicme searbhóntaí atá faoi dhímheas. Ina theannta sin, cuireann siad iad féin i mbaol uafásach go dteipfidh go hiomlán orthu agus iad i bhfad ó aon chabhair a d'fhéadfaí a thabhairt dóibh ón mbaile.

Cinnte, is fíor nach mbíonn fiú cailín amháin Éireannach thar lear sona go deo arís ina croí istigh.

Foinse: *Freeman's Journal*, 24 Feabhra, 1908.

1. Cén t-aiféala a bheidh ar fhormhór na n-imirceach?
2. Cad a mheallann cailíní Éireannacha chun dul thar lear?
3. Cén aicme atá faoi dhímheas a dtéann cailíní Éireannacha isteach inti nuair a théann siad ar imirce?
4. Céard atá fíor go cinnte faoi gach cailín Éireannach a théann ar imirce?
5. Cén fáth a raibh meon frith-Éireannach roimh go leor imirceach thar lear?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr faoi cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Ról CLG i measc imirceach Éireannach.
2. Na Molly Maguires.
3. Joe Kennedy agus/nó Boss Croker.
4. Aidhmeanna Mhisean an Spioraid Naofa go dtí an Nigéir, 1945-1966.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth a bhfuil Grosse Isle chomh tábhachtach i stair na himirce Éireannaí?
2. Cén fáth a ndeachaigh de Valera go Meiriceá agus cé chomh rathúil agus a bhí a mhisean ansin, Meitheamh 1919-Nollaig 1920?
3. Cad a fhoghlaimimid faoi imircigh Éireannacha sa Bhreatain ó shaol agus ó scríbhinní Dhomhnaill Mhic Amhlaigh?
4. Cad a chuir an tArdeaspag Daniel Mannix agus/nó an Mháthair Mary Martin le diaspóra na hÉireann?


Éire: Topaic 6

An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa chartún seo, ó na luath-1960idí, tá a lucht éisteachta cailte ag an seanchaí le hais na tine (seanchaí/fear inste scéil). Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.



1. Cén fáth a bhfuil a lucht éisteachta cailte ag an seanchaí?
2. Conas a thugtar le tuiscint go bhféadfadh an ceol traidisiúnta a bheith faoi bhagairt freisin?
3. Conas a thaispeánann an cartún go bhféadfadh daoine ag aoiseanna éagsúla taitneamh a bhaint as an teilifís?
4. An bhfuil cóiriú iomlán nua-aoiseach déanta ar an teach? Tabhair míniú gairid ar do fhreagra.
5. Conas a chuir Gay Byrne leis an tionchar a bhí ag RTÉ ar shochaí na hÉireann, 1962-1972?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Seán Lemass.
2. Tionchar na Vatacáine II.
3. Caidreamh Angla-Éireannach, 1949-1989.
4. Athruithe i stádas na mban, 1949-1989.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuaigh ballraíocht sa CEE i bhfeidhm ar an iascaireacht in Éirinn?
2. Cad a bhain Seán Ó Loinsigh amach mar Thaoiseach?
3. Go polaitiúil, conas mar a d'éirigh le Charles Haughey agus conas mar a theip air agus é ina Thaoiseach?
4. Cad a chuir Breandán Ó hEithir agus/nó Sylvia Meehan le saol na hÉireann?

ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR
Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos.

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1
An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Taispeánann an pictiúr seo círeibe i mBeirlín in 1848. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.



1. Conas mar a bhí lucht na círeibe armáilte?
2. Conas a cuireadh an bharacáid le chéile?
3. Cén fhianaise atá ann go ndearnadh ionsaí ar lucht na círeibe iad féin?
4. An ndéarfá go bhfuil na daoine sa phictiúr bocht? Tabhair míniú gairid ar do fhreagra.
5. Cén fáth ar theip ar réabhlóid 1848 sa Ghearmáin?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Feargus O' Connor.
2. An ghluaiseacht i dtreo chomhaontú na hIodáile.
3. Charles Darwin.
4. Napoleon III.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na leasuithe a thug Robert Owen agus/nó Robert Peel isteach sa Bhreatain?
2. Cén ról a d'imir Karl Marx i bhforbairt an tsóisialachais ?
3. Cad iad na bealaí inar fheabhsaigh Baron Haussmann cathair Pháras?
4. Cé chomh tábhachtach agus a bhí Otto von Bismarck i ngnóthaí na Gearmáine suas go dtí 1871?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2
Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Is sliocht leasaithe é seo as cuntas a thug saighdiúir Gearmánach ar an gcéad lá de Chath an Somme. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Bhí na fir sna tochtáin ag fanacht, iad ullamh, beilteanna lán le gránáidí láimhe timpeall orthu agus iad i ngreim ina gcuid raidhfíli. Bhí sé an-tábhachtach gan soicind a chailleadh ag tógáil áite ar an talamh oscailte chun aghaidh a thabhairt ar na saighdiúirí coise Briotanacha a bheadh ag gluaiseacht ar aghaidh díreach taobh thiar den lámhach airtléire.

Ag 7.30 a.m., stad an ruathar mór sliogán. Ar an bpointe, dhreap ár gcuid fear in airde as na tochtáin i dtreo sholas an lae agus rith siad chuig na poill shliogán ba ghaire dóibh. Tarraingíodh na meaisínghunnaí aníos as na tochtáin agus cuireadh i bhfearas iad.

Cúpla nóiméad ina dhiaidh sin, nuair a bhí an chéad líne de shaighdiúirí Briotanacha i bhfoisceacht céad slat dóibh, thosaigh na meaisínghunnaí agus na raidhfíli ag clagairt feadh na líne iomláine de phoill sliogán. Thosaigh ionsaí na mBriotanach ag titim as a chéile go tapa faoi dhianlámhach sliogán agus piléar. Feadh na líne, bhí fir le feiceáil ag titim agus a lámha san aer acu, fir nach gcorródh go deo arís. Iad siúd a bhí leonta go dona, bhí siad á n-únfairt féin go cráite.

Foinse: A. H. Farrar-Hockley, *The Somme*, Pan/Severn House, 1976.

1. Cad iad na hairm a bhí á n-iompar ag na saighdiúirí Gearmánacha?
2. Cad a rinne na fir chomh luath agus a d'fhág siad na tochtáin?
3. Cé chomh gar agus a bhí na saighdiúirí Briotanacha nuair a thosaigh na Gearmánaigh ag lámhach?
4. Cad a tharla do líne ionsaithe na mBriotanach?
5. Seachas Cath an Somme, ainmnigh cath mór amháin sa Chéad Chogadh Domhanda?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Polasaí eachtrach Bismarck.
2. An frith-Ghiúdachas sa Fhrainc agus/nó sa Rúis.
3. Marie Curie.
4. Wilfred Owen.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:


1. Cad é an polasaí cabhlaigh a bhí ag Wilhelm II, agus cén tionchar a bhí aige ar an gcaidreamh leis an mBreatain?
2. Cén fáth a raibh réim an Phápa Leo XIII tábhachtach i stair na hEaglaise Caitlicí?
3. Cad a d'fhoghlaim tú faoin gCéad Chogadh Domhanda ó do staidéar ar mhná sa líon saothair?
4. Cén fáth a raibh Woodrow Wilson tábhachtach i ngnóthaí Eorpacha?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3
Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Is pictiúr é seo de Shlógadh in Nuremberg. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.



1. Conas atá na daoine sa pictiúr eagraithe agus feistithe?
2. Cén suaitheantas (siombail) Naitsíoch atá i lár an ardáin?
3. Cén suaitheantas Naitsíoch atá ar an dá thaobh den ardán?
4. Cén bealach a gcuirfeadh an pictiúr seo le bolscaireacht na Naitsithe?
5. Conas a chuidigh Leni Riefenstahl le réimeas na Naitsithe?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An fás sa raidió agus sa cineama, 1920-1945.
2. An tUileoscadh.
3. An Fhrainc le linn an Dara Cogadh Domhanda.
4. Cath Stalingrad.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar tharla máirseáil Jarrow, Deireadh Fómhair 1936, agus cad a bhain sí amach?
2. Cad iad na hathruithe sóisialta agus eacnamaíochta a thug Lenin agus/nó Stalin chun cinn sa Rúis?
3. Cad iad na hathruithe a tharla sa chaidreamh idir an stát agus an eaglais san Iodáil faoi Mhussolini?
4. Cé chomh maith agus a d'éirigh le Winston Churchill mar cheannaire i dtréimhse chogaidh idir 1940 agus 1945?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4
Easaontas agus ath-ailíniú san Eoraip, 1945-1992

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht leasaithe seo as alt nuachtáin déantar cur síos ar fhadhbanna gluaisteánaíochta le linn ghéarchéim na hola sa Bhreatain i 1973. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Inné, chruthaigh gluaisteánaithe a bhí ar thóir peitрил plódú tráchta dá gcuid féin a chuir leis an ídiú breosla. Nuair a d'oscail garáistí tar éis an deireadh seachtaine, bhí ciondail i mbeagnach gach áit agus bhí roinnt tiománaithe feargacha ag glaoch ar na heagraíochtaí gluaisteánaíochta agus iad ag tuairisciú go raibh praghas an pheitрил ardaithe.

Mheas an AA (Cumann na nGluaisteán) gur fhan an ceathrú cuid de stáisiúin pheitрил na Breataine dúnta inné. Cuid den chúis a bhí leis an nganntanas míchuibheasach seo ná gur stóráil gluaisteánaithe níos mó breosla ná ba ghnáth ar an Aoine agus ar an Satharn agus gur dhíscigh cuid de na stáisiúin thar an deireadh seachtaine.

Ní thiochfaidh aon fheabhas ar an scéal go dtí go bhfaighidh na garáistí soláthairtí nua peitрил. Ní leor an achainí a rinne an rialtas ar thiománaithe tiomáint go mall agus fanacht de na bóithre ar an Domhnach.

Foinse: An nuachtán *The Guardian*, Dé Luain 4 Nollaig, 1973.

1. Cad a chruthaigh an plódú tráchta inné?
2. De réir an AA, cén riar garáistí a d'fhan dúnta inné?
3. Cad a bhí mar chuid den chúis leis an nganntanas ollmhór?
4. Cad a chuirfidh feabhas ar an staid?
5. Cad ba chúis le géarchéim na hola i 1973.

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Beirlín le linn an Chogaidh Fhuair.
2. Jean Monnet.
3. Sochaí an tomhaltais.
4. Margaret Thatcher.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar tharla Éirí Amach na hUngáire (1956) agus cén fáth ar theip air?
2. Cad iad na hathruithe a thug Dara Comhairle na Vatacáine isteach san Eaglais Chaitliceach?
3. Cé chomh maith agus a d'éirigh le Mikhail Gorbachev mar cheannaire polaitiúil?
4. Cén tionchar a bhí ag athruithe i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: na mórmheáin chumarsáide; cumhacht núicléach; an ríomhaire?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5
Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Tugann an sliocht leasaithe seo cuntas ar neamhspleáchas na Tansáine ó riail na Breataine. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Sa Tangainic ba é an Tanganyika African National Union (TANU), faoi cheannas an Dr Julius Nyerere ar cuireadh oideachas air in Ollscoil Dhún Éadann, a stiúir an ghluaiseacht náisiúnach ar son an neamhspleáchais ón mBreatain.

D'áitigh Nyerere gur rialtas Afracach a bheadh sa rialtas neamhspleách nua ach, chomh maith leis sin, rinne sé soiléir do rialtas na Breataine nár ghá do na daoine geala aon fhaitíos a bheith orthu roimh an riail ghorm.

I 1961 thug rialtas Macmillan, a ndeachaigh ábaltacht agus dáiríreacht Nyerere i gcion orthu, neamhspleáchas faoi riail an tromlaigh ghoirm. Níos déanaí, aontaíodh oileán Sainsibeár leis an Tangainic agus i 1964 glacadh leis an Tansáin mar ainm nua don tír. D'fhan Nyerere mar Uachtarán nó gur éirigh sé as i 1985.

Foinse: Norman Lowe, *Mastering Modern World History*, Macmillan press Ltd, 1997.

1. Cén grúpa a stiúir an ghluaiseacht ar son an neamhspleáchais?
2. Cad a d'áitigh Nyerere?
3. Cérbh é Príomh-Aire na Breataine i 1961?
4. Cén t-ainm nua a thóg an tír i 1964?
5. Go hachomair, cad é polasaí ujamaa?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Charles de Gaulle.
2. Achmad Sukarno.
3. Na fadhbanna a bhí roimh oibrithe forbartha san Afraic.
4. An chaoi a ndearnadh sochaí ilchiníoch den Bhreatain.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh tábhachtach agus a bhí Mohandas Gandhi sa ghluaiseacht ar son neamhspleáchas na hIndia. .
2. Cé chomh héifeachtach agus a bhí Gamal Abdul Nasser mar cheannaire le linn Ghéarchéim Suais 1956?
3. Cén tionchar a bhí ag dealú Katanga ar an gCongó?
4. Cad iad na fadhbanna sa chaidreamh idir chiníocha a tháinig chun cinn sa Fhrainc sna 1980idí agus cad iad na hiarrachtaí a rinneadh chun iad a réiteach?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6
Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Seo sliocht leasaithe as óráid leis an Uachtarán John F. Kennedy a craoladh ar an teilifís ar an 22 Deireadh Fómhair, 1962 nuair a bhí géarchéim na ndiúracán i gCúba ar siúl. Léigh é agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.

Faoi mar a gealladh, tá faireachán (faire) an-ghéar á dhéanamh ag an rialtas ar an neartú míleata Sóivéadach ar Oileán Chúba. Le cúpla seachtain anuas, tá fianaise do-amhrais tar éis a chinntiú go bhfuil sraith de shuíomhanna diúracán ionsaitheacha á hullmhú faoi láthair.

Is bagairt shoiléir do shíocháin agus do shlándáil Chríocha Mheiriceá ar fad go bhfuil bunáit straitéiseach á déanamh de Chúba mar bheart práinne. Ní féidir leis an tír seo glacadh leis an neartú rúnda tapa seo de dhiúracáin Chumannacha.

1. Cathain a tugadh an óráid seo, cá háit ar tugadh í agus cé a thug í?
2. Cén tír atá freagrach as an neartú míleata?
3. Cén bhagairt shonrach a aithnítear do Chríocha Mheiriceá?
4. De réir Kennedy, cén dearcadh atá ag na Stáit Aontaithe ar an neartú i ndiúracáin chumannacha?
5. Conas a tháinig deireadh le géarchéim na ndiúracán i gCúba?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An chorparáid ilnáisiúnta, 1945-1968.
2. Ról athraitheach na mban agus an teaghlaigh.
3. Muhammad Ali.
4. Creideamh i gcultúr nua-aimseartha Mheiriceá.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a chuir baghcat bus Montgomery (1956) le Gluaiseacht na gCeart Sibhialta?
2. Cé chomh maith agus a d'éirigh le Lyndon Johnson mar cheannaire polaitíochta sa bhaile agus thar lear?
3. Conas a bhain na Stáit Aontaithe an tuirlingt ar an nGealach amach i 1969 agus cén tábhacht a bhí leis?
4. Cad a chuir Norman Mailer agus/nó Marilyn Monroe le cultúr Mheiriceá?

Leathanach Bán

Leathanach Bán